# Bí Cineálta Ar Líne

Clár Bunscoile an Gharda Síochána



# FÚINNE

## Clár Bunscoile an Gharda Síochána

Cuirtear Clár Bunscoile an Gharda Síochána ar fáil do gach rang ar leibhéal bunscoile. Féachfaidh na Gardaí le cuairt a thabhairt ar gach rang uair sa scoilbhliain. Leis an deis uathúil sin, tógtar caidrimh idir Gardaí, páistí, foireann agus tuismitheoirí. Tugann Gardaí cainteanna ar réimse topaicí ar nós ról na nGardaí, sábháilteacht phearsanta, sábháilteacht ar Oíche Shamhna, ag cabhrú le mo chomharsana, loitiméireacht, coireacht a imscrúdú, tionchar m'iompar ar dhaoine eile agus ar shábháilteacht idirlín freisin.

## Paca Bí Cineálta Ar Líne

Dearadh Bí Cineálta Ar Líne, a forbraíodh i gcomhar le Webwise, chun a chur ar a gcumas do dhaltaí i rang a trí agus a ceathair tuiscint a fháil ar cad is cibearbhulaíocht ann, conas go bhféadfadh sé cur isteach ar dhuine, agus conas é a chosc. Cuireann na ceachtanna sa phaca seo cumarsáid mheasúil ar líne chun cinn, agus tá sé mar aidhm acu bá le daoine eile ar líne agus meas orthu a chothú. Tabharfaidh an clár scileanna do pháistí ionas go mbeidh siad in ann déileáil go héifeachtach leis an gcibearbhulaíocht.



## Webwise

Is é Webwise Ionad na hÉireann um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín arna chómhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

Cuireann Webwise úsáid neamhspleách, éifeachtach agus sábháilte an idirlín chun cinn i measc daoine óga trí bhíthin straitéis leanúnach feasachta agus faisnéise a dhíríonn ar thuismitheoirí, ar mhúinteoirí agus ar na páistí féin, agus ina dtugtar teachtaireachtaí comhleanúnacha, ábhartha.

Forbraíonn agus scaipeann Webwise acmhainní a chabhróidh le múinteoirí sábháilteacht idirlín a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim ina scoileanna. Cuirimid faisnéis, comhairle agus uirlisí ar fáil do thuismitheoirí chun tacú leo a bheith páirteach i saol na bpáistí ar líne agus a bheith eolach faoi.

Is cuid de SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas é Webwise, a thacaíonn le teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim i mbunscoileanna agus i meánscoileanna agus cuireann sé an comhtháthú sin chun cinn freisin.  Is rannóg den tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) é SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas. Is seirbhís tacaíochta é SFGM de chuid na Rannóige um Oideachas Múinteoirí, an Roinn Oideachais agus Scileanna a óstáiltear in Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar.

Tabhair cuairt ar webwise.ie le haghaidh tuilleadh eolais agus acmhainní saor in aisce.

# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| **Seicliosta don Gharda** | **4** |
| **Conas an acmhainn seo a úsáid** | **5** |
| **Ag Tosú: Ag ullmhú don chuairt** | **6** |
| Treoir maidir le Bí Cineálta Ceachtanna Ar Líne a theagasc | 7 |
| Tacaíocht do thuismitheoirí | 8 |
| Ag seiceáil isteach leis an scoil tar éis an tseisiúin | 8 |
| **Faisnéis do Ghardaí faoin gCibearbhulaíocht** | **10** |
| **Acmhainní agus Cláir Frithbhulaíochta agus Sábháilteachta ar Líne** | **16** |
| **Bí Cineálta ar Líne: Ceachtanna** | **18** |
| Bí Cineálta Ar Líne: Ceacht 1 | 19 |
| Bí Cineálta Ar Líne: Ceacht 2 | 22 |
| **Bí Cineálta Ar Líne: Bileoga Oibre** | **26** |
| Bileog Oibre 1 | 27 |
| Bileog Oibre 2: Gníomhaíocht le tabhairt abhaile | 28 |
| **Aguisíní** | **30** |
| Aguisín 1: Treoirlínte maidir le Cuairteanna | 30 |
| Aguisín 2: Comhaontú Ranga | 31 |
| Aguisín 3: Teimpléad Póstaeir | 32 |

# SEICLIOSTA DON GHARDA

## Sula dtugann tú cuairt ar an scoil bí cinnte aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas:

- Is gá ullmhúchán a dhéanamh roimh na ceachtanna a thabhairt. Léigh an treoir agus na hábhair chúlra ar fad a chuirtear ar fáil sa phaca seo.
- Socraigh cruinniú leis an scoil/ múinteoir ranga chun Ceachtanna Bí Cineálta Ar Líne a phlé agus chun teacht ar chomhaontú maidir le formáid na cainte (féach treoracha agus pointí plé ar lch. 6).
- Cuir eolas ar Pholasaí Úsáide Inghlactha, ar Chód Iompair agus ar Ráitis Coimircithe Leanaí na scoile. Cloígh le Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí i gcásanna ina ndéanann dalta nochtadh.
- Cuir eolas ar na treoirlínte maidir le cuairteanna (féach Aguisín 1).
- Cinntigh roimh ré go gcuirfidh an scoil ríomhaire, rochtain ar an idirlíon agus callairí ar fáil duit lena n-úsáid.
- Tugtar tacaíocht do na ceachtanna le dhá bheochan agus cuir i láthair scriptithe atá ar fáil ag: webwise.ie/ bekindonline nó ag garda.ie
- Ba cheart cóip de na ceachtanna agus de na gníomhaíochtaí (lena n-áirítear na gníomhaíochtaí a dhéantar roimh an gcuairt agus ina diaidh) a thabhairt don mhúinteoir sula dtugtar na ceachtanna.
- Labhair le do chomhghleacaithe sa stáisiún chun a fháil amach an bhfuil aon fhadhbanna sa cheantar áitiúil nó ar tharla aon eachtra le déanaí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don chaint (Féach ar eachtraí PULSE a thit amach le déanaí).
- Cuir eolas ar na cibirbheartais agus ar na nósanna imeachta um chosaint leanaí is déanaí laistigh den Gharda Síochána.
- Ar chríochnú an chláir, cuir an Comhaontú Ranga de chuid Bí Cineálta Ar Líne i láthair an ranga. Cuirtear teimpléad ar fáil in Aguisín 3.
- Ná déan dearmad foirm fillte a líonadh isteach agus a sheoladh chuig schoolsprogramme@garda.ie laistigh d'aon sheachtain amháin tar éis an ceacht a thabhairt (cuir cc chuig do mhaoirseoir i gcónaí agus an fhoirm á seoladh).



# Conas an acmhainn seo a úsáid?

**Fáilte go Bí Cineálta Ar Líne. Dearadh an acmhainn seo le húsáid le daltaí i rang a trí agus a ceathair sa bhunscoil. Is iad na haidhmeanna foriomlána atá leis na ceachtanna Bí Cineálta Ar Líne é a chur ar a gcumas do dhaltaí i rang a trí agus a ceathair tuiscint a fháil ar na nithe seo a leanas:**

- **Cad is cibearbhulaíocht ann**
- **Conas a d'fhéadfadh an chibearbhulaíocht duine a ghortú**
- **Go mbíonn an chibearbhulaíocht mícheart i gcónaí**
- **Cad is féidir leo a dhéanamh ionas nach ndéanfar cibearbhulaíocht orthu ná ar dhaoine eile**
- **Conas is féidir leo cur leis an gcibearbhulaíocht tríd an méid a dhéanann siad nó nach ndéanann siad agus trí na freagraí a thugann siad ar an méid a phostálann daoine eile ar líne**
- **An tábhacht a bhaineann leis an scéal a insint má dhéantar cibearbhulaíocht orthu nó ar dhuine a bhfuil aithne acu orthu**
- **Ról na nGardaí chun dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht**

Tá sé d'aidhm freisin ag na ceachtanna bá le daoine eile ar líne agus meas ar na daoine sin a chothú. Sa leabhrán seo, tugtar eolas maidir le hullmhúchán a dhéanamh don chuairt scoile, cuirtear ábhair thacaíochta ar fáil chun cabhrú leat an chaint a thabhairt agus treoraítear chuig an áit a bhfuil tuilleadh eolais le fáil.

**Mapáil le curaclam OSPS rang a trí & rang a ceathair**

Ceapadh an curaclam Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) i mbunscoileanna chun tacú le forbairt phearsanta, sláinte, agus folláine daoine óga agus chun cuidiú leo caidrimh thacúla a dhéanamh agus a chothú. Is gné de churaclam na scoile é trínar féidir dul i bhfeidhm go buan agus go dearfach ar mheonta, luachanna agus scileanna an dalta a mhúnlú.

Cuirtear an curaclam OSPS i láthair thar trí shnáithe: *Mise, Mise agus Daoine Eile,* agus *Mise agus an Domhan Mór*. Tá roinnt snáithaonaid i gach snáithe ina dtugtar breac-chuntas ar chuspóirí an aonaid.

Dearadh ceachtanna Chlár Bunscoile an Gharda Síochána Bí Cineálta Ar Líne lena gcur ar fáil mar chuid de churaclam Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) na scoile. B'fhearr na ceachtanna a thabhairt mar a shonraítear thíos (féach *Cathain ba cheart na ceachtanna sin a thabhairt*) i gcomhthéacs an mhúinteora ranga ag cur clár cuimsitheach frithbhulaíochta ar fáil do na páistí.

**Mapáil leis an gcuraclam OSPS:**
Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

MISE AGUS DAOINE EILE:

Mo chairde agus daoine eile

- *Bulaíocht a aithint, a phlé agus a thuiscint*
- *slite chun déileáil leis an mbulaíocht a fhiosrú agus a scrúdú*

Caidreamh le daoine eile: Cumarsáid; Coimhlint a réiteach

- *freagairtí éagsúla do chásanna coimhlinte a shainaithint agus a phlé, cinneadh a dhéanamh maidir leis na cinn is oiriúnaí nó is inghlactha agus iad a chleachtadh*

**Cathain ba cheart na ceachtanna sin a thabhairt:**

Más féidir, ba cheart na ceachtanna sin a theagasc do dhaltaí i rang a trí agus rang a ceathair atá tar éis roinnt oibre a dhéanamh ar an mbulaíocht/ar an gcibearbhulaíocht mar chuid den ghnáthchlár Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS). Moltar go mbeidh topaic 2 sna ceachtanna Bí Sábháilte maidir le Cairdeas agus Bulaíocht déanta chomh maith le Ceachtanna 1-4 den chlár Laochra HTML de chuid Webwise.

# Ag Tosú – Ag ullmhú don chuairt

**Is gá ullmhúchán a dhéanamh roimh na ceachtanna a thabhairt. Léigh an treoir agus an fhaisnéis chúlra a chuirtear ar fáil sa treoirleabhar seo sula dtosaíonn tú an clár.**

Eagraigh cruinniú leis an scoil roimh an gcuairt agus ina diaidh chun plé agus pleanáil a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr chun na ceachtanna a thabhairt. Cuimhnigh ar chruinniú a eagrú ag tús na scoilbhliana chun Clár Scoileanna na nGardaí a theagasc ina iomláine a phlé. Ba cheart na nithe seo a leanas a phlé leis an scoil roimh ré agus teacht ar chomhaontú maidir leo freisin:

- Seiceáil Polasaí Úsáide Inghlactha, Cód Iompair agus Ráiteas Coimircithe Leanaí na scoile. Is doiciméid thábhachtacha iad sin chun cabhrú leis an scoil dul i ngleic le saincheist ar bith a thagann chun cinn. Iarr ar an scoil na doiciméid sin a sheoladh chugat sula dtugann tú an seisiún.

- Ba cheart aird a thabhairt ar leochaileachtaí féideartha na ndaltaí agus ba cheart féachaint le haon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag an gclár a íoslaghdú a mhéid is féidir. Labhair leis an múinteoir ranga nó leis an gceann bliana chun a fháil amach an bhfuil aon fhadhbanna ann leis an gcibearbhulaíocht sa rang/sa bhliain faoi láthair.

- D'fhonn a chinntiú go mbeidh na ceachtanna seo inrochtana do gach dalta, téigh i gcomhairle leis an múinteoir maidir le hinneachar an cheachta roimh ré. D'fhéadfadh sé go mbeadh comhairle ag an múinteoir maidir le hidirdhealú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí le haghaidh daltaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chun go mbeidh siad in ann torthaí foghlama na hacmhainne seo a bhaint amach. **Tá sé ríthábhachtach aird ar leith a thabhairt ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ós iadsan is mó atá i mbaol a bheith leochaileach sa timpeallacht ar líne.**

- D'fhéadfadh sé gur phléigh an scoil ábhar na bulaíochta leis na daltaí cheana féin. Ba cheart sin a phlé leis an scoil roimh ré chun a chinntiú go gcuirfidh na ceachtanna le clár OSPS na scoile. Moltar go mbeidh topaic 2 sna ceachtanna Bí Sábháilte maidir le Cairdeas agus Bulaíocht déanta chomh maith le Ceachtanna 1-4 den chlár Laochra HTML de chuid Webwise.

- Tabhair cóip de na ceachtanna/den chlár lena n-áirítear na gníomhaíochtaí a dhéantar roimh an gcuairt agus ina diaidh don mhúinteoir/chomhordaitheoir OSPS roimh na ceachtanna seo a theagasc.

- Cinntigh roimh ré go gcuirfidh an scoil ríomhaire, rochtain ar an idirlíon agus callairí ar fáil duit lena n-úsáid.

- Sonraítear an méid seo a leanas i dtreoirlínte na Roinne Oideachais maidir le cuairteanna,**"Oibríonn áisitheoirí seachtracha faoi threoir agus faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga a fhanfaidh sa seomra ranga leis na scoláirí gach uile thráth agus a mbíonn ról lárnach aige i ndáil le seachadadh an ábhair".** [1] Ba cheart sin a chomhaontú leis an múinteoir roimh an gcuairt. Cuir eolas ar Threoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Cuairteanna (féach Aguisín 1).

- D'fhéadfadh sé go bpléifí roinnt saincheisteanna sna ceachtanna a bheidh íogair i gcás cuid de na daltaí. D'fhonn príobháideachas agus folláine gach dalta a chosaint, tá sé tábhachtach go dtuigfeadh na daltaí na teorainneacha a bhaineann le rúndacht agus go dtuigfidís nach gceadófaí dóibh scéalta pearsanta a phlé. Tá sé riachtanach tuiscint mhaith a bheith agat ar Ráiteas Coimircithe Leanaí na scoile agus cloí leis na Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí i gcásanna ina ndéanfaí nochtadh ós rud é go bhfuil dualgas dlíthiúil ann aon nochtadh a dhéanann páiste a thuairisciú. Ba cheart don mhúinteoir faoi shainordú a bheith i láthair le linn an cheachta agus tá dualgas ar an múinteoir sin aon nochtadh a thuairisciú. **Tábhachtach:** Tá freagracht ar na Gardaí déileáil le nochtaí mar a bhfuil páiste i mbaol láithreach díobhála.

- Cuirtear ábhair thacaíochta ar fáil sa phaca seo do dhaltaí (bileoga oibre don rang, gníomhaíocht le tabhairt abhaile, comhaontú ranga agus teimpléad póstaeir). Cinntigh go bhfuil dóthain cóipeanna ullmhaithe agat roimh an gceacht.

- Cinntigh go bhfuil an príomhoide agus na tuismitheoirí eolach ar an gclár agus ar an uair a theagascfar sa scoil é.

[1] An Roinn Oideachais agus Scileanna Ciorclán 0042/2018: https://assets.gov.ie/12385/86bbd228f8494bbca1d696e2b1228d13.pdf

**Anuas ar an gcruinniú leis an scoil:**

- Labhair le do chomhghleacaithe sa stáisiún chun a fháil amach an bhfuil aon fhadhbanna sa cheantar áitiúil nó ar tharla aon eachtra le déanaí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don chaint (féach ar eachtraí PULSE a thit amach le déanaí).
- Cuir eolas ar na Cibirbheartais agus faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí is déanaí laistigh den Gharda Síochána.

## Treoir maidir le Ceachtanna Bí Cineálta Ar Líne a thabhairt

Ceapadh na ceachtanna seo le go dtabharfadh Gardaí iad os comhair aon ghrúpa ranga amháin, grúpa ina bhfuil 25 dalta nó níos lú, más féidir. **Ní mór don mhúinteoir ranga a bheith i láthair ar feadh na cainte ina hiomláine.** Cuirtear ábhair ar fáil sa phaca seo chun tacú leis na ceachtanna a thabhairt (cuir i láthair PowerPoint a ngabhann script leo, bileoga oibre, teimpléad póstaeir, cód ranga, etc.).

**Tá dhá cheacht i gceist le Bí Cineálta Ar Líne, moltar an dá cheacht a theagasc thar thréimhse coicíse (ceacht amháin sa tseachtain).** D'fhéadfadh sé go dtógfadh na gníomhaíochtaí molta a leagtar amach sna ceachtanna ní ba mhó ama ná an méid ama a luaitear. Bí cinnte go bhfágann tú am chun an fhoghlaim a phróiseáil ag deireadh an tseisiúin ach go leor ama a fhágáil le haghaidh ceisteanna. Má cheapann tú nach mbeidh go leor ama agat, is féidir leat gníomhaíochtaí a athrú nó a fhágáil ar lár, más gá.

**Forbairt teanga:**

Chun go dtuigfidh na daltaí coincheapa na gceachtanna seo, tá sé tábhachtach réamhtheagasc áirithe a dhéanamh ar an bhfoclóir. Ba chóir, go háirithe, go dtuigfidh na daltaí na focail seo a leanas: Féachadóir, d'aon turas, náire, díriú ar dhuine, gabháil scáileáin, gránna, duine a fhágáil ar lár, bagairt, dúmhál.

Cuirtear bileog oibre ar fáil (Bileog oibre 1) a d'fhéadfaí a úsáid chun tuiscint ar an bhfoclóir sin a thaispeáint. Tabhair cóip den bhileog oibre don mhúinteoir le chomhlánú leis an rang roimh an gcaint.

**Treoirlínte don Phlé:**
Ní mór Ceachtanna Bí Cineálta Ar Líne a theagasc le tacaíocht agus cúnamh ón múinteoir ranga.

Agus an bhulaíocht/an chibearbhulaíocht á plé agat sa seomra ranga, déan iarracht na daltaí a spreagadh chun labhairt i dtéarmaí ginearálta agus gan ainmneacha a úsáid nó daoine aonair ar leith a lua, e.g. bain úsáid as focail ar nós na cinn seo a leanas:

"D'fhéadfadh duine... agus mar gheall air sin, d'fhéadfadh sé go mbraithfeadh duine éigin eile..."

"Uaireanta, d'fhéadfadh duine..."

Ba cheart daltaí a spreagadh chun a gcuid tuairimí agus freagraí a chosaint e.g. "Ceapaim sin mar..."

Ach tuairimí a mhíniú agus a chosaint, cuirfidh sé ar a gcumas do pháistí eile tuiscint níos fearr a fháil ar na próisis réasúnaíochta agus smaointeoireachta atá ag tarlú.

Léirítear i dtorthaí taighde nach bhfuil na cuir chuige teagaisc seo a leanas éifeachtach ach go pointe áirithe agus nach gcabhraíonn siad le OSPS a chur chun feidhme go héifeachtach. **I bhfianaise na dtorthaí taighde sin, moltar do scoileanna na cuir chuige seo a leanas a sheachaint:**

**Scéalta chailleach an uafáis**
Tá faisnéis a scanraíonn páistí agus a dhéanann áibhéil ar iarmhairtí diúltacha míchuí agus is mó dochar ná maitheas a dhéanann sí.

**Idirghabhálacha le scéalta gáifeacha**
Tá idirghabhálacha a chuireann cuma na mealltachta ar iompar baolach nó a léiríonn an t-iompar sin ar bhealach atá spleodrach agus suimiúil míchuí agus d'fhéadfaidís daoine a spreagadh le rioscaí míchuí a thógáil.

**Teistiméireachtaí**
Féadfaidh scéalta faoi stíl mhaireachtála chontúirteach a bhí ag daoine roimhe seo an t-iompar sin a spreagadh seachas a chosc ach laochra a dhéanamh de na daoine a thugann na teistiméireachtaí.



**Idirghabhálacha bunaithe ar fhaisnéis amháin**
Tá cláir atá bunaithe ar fhaisnéis amháin an-teoranta maidir leis na torthaí foghlama a d'fhéadfaí a bhaint amach leo agus d'fhéadfadh sé gur mó dochar ná maitheas a dhéanfaidís ó thaobh tionchar a imirt ar luachanna, meonta agus iompar.

**Faisnéis nach bhfuil aois-oiriúnach**
D'fhéadfadh sé gur mó dochar ná maitheas a dhéanfadh sé ó thaobh tionchar a imirt ar luachanna, meonta agus iompar dá dtabharfaí faisnéis do dhaltaí maidir le hiompair nach dócha go mbeidh siad páirteach iontu.

**Idirghabhálacha aonuaire/gearrthéarmacha**
Ní bhíonn idirghabhálacha gearrthéarmacha, cibé acu atá siad pleanáilte nó ina bhfreagairt do ghéarchéim, éifeachtach.

**Iompar baolach daoine óga a normalú**
Má chuirtear in iúl do dhaoine óga, go díreach nó go hindíreach, go mbeidh/go bhfuil a bpiaraí ar fad páirteach in iompar baolach, d'fhéadfadh sé brú a chur orthu rudaí a dhéanamh nach ndéanfaidís murach sin.

**Cur chuige teagascach**
Tá cuir chuige theagascacha atá treorach amháin neamhéifeachtach maidir leis OSPS/OCG a chur chun feidhme go héifeachtach.

**Déileáil le nochtadh:**
Nuair atá cúrsaí íogaire á bplé tá seans ann i gcónaí go bhféadfadh dalta tosú ar eolas pearsanta a nochtadh nó nochtadh a dhéanamh. Toisc gur cheart go mbeadh an múinteoir sa seomra ranga i gcónaí i rith aon chuairte ó áisitheoir seachtrach, tá sé tábhachtach go mbeadh tuiscint shoiléir ag an múinteoir agus ag an áisitheoir ar an ról a bheadh acu dá ndéanfaí nochtadh dá leithéid.

- Ba cheart a mheabhrú do gach duine nár cheart dúinn eolas pearsanta a nochtadh sa seomra ranga ach go bhfuil sé tábhachtach a rá le duine fásta atá in ann cabhair a thabhairt má tá aon chás ann lena ndéantar iad a chur trí chéile, a ghortú nó a scanrú.
- Ba cheart cur isteach ar an leanbh ar an bpáiste chun daltaí a chosaint ar fhaisnéis phearsanta mhíchuí a thabhairt os chomhair daoine eile.
- I gcás den sórt sin, ba cheart don mhúinteoir a aithint go bhfuil siad tar éis an dalta a chloisteáil ach úsáid a bhaint as focail ar nós 'is cosúil gur scéal tábhachtach é sin' nó 'labhróidh an múinteoir leat faoi sin tar éis an ranga', ach tá sé tábhachtach iad a stopadh ionas nach dtabharfaidh siad tuilleadh sonraí.
- Má dhéanann dalta nochtadh faoi bhulaíocht nó faoi dhíobháil is é ról an áisitheora éisteacht go socair leo, tacaíocht a thaispeáint don pháiste, an rud a dúirt siad a aithint agus nuair atá an dalta críochnaithe, plé a dhéanamh leo maidir lenar féidir libh beirt a dhéanamh faoi.
- Ba cheart gach nochtadh dá leithéid a thuairisciú dophríomhoide na scoile.

## Tacaíochtaí do Thuismitheoirí

Is iad tuismitheoirí príomhoideachasóirí a bpáistí agus tá an t-am a chaitheann páistí ar líne sa bhaile ag dul i méid. Tá sé riachtanach oideachas a chur ar thuismitheoirí agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir leis an ábhar seo chun go mbeidh siad in ann iompar cuí ar líne a chur chun cinn. Mhol do scoileanna aird na dtuismitheoirí a tharraingt ar na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh ar **webwise.ie/ga/tuismitheoiri** ach nasc a chur ar shuíomh gréasáin na scoile nó an Chomhairle do Thuismitheoirí a íoslódáil agus a scaipeadh ar chumann na dtuismitheoirí.

## Tar éis na cainte: Ag seiceáil isteach leis an scoil

Tar éis an clár a chríochnú, eagraigh seisiún ceisteanna leis an múinteoir agus le príomhoide na scoile chun na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfadh an scoil a ghlacadh chun dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht a phlé. (Cuirtear faisnéis faoi acmhainní breise agus cláir ar fáil ar lgh.16-17.)


Cuir Mol Tuismitheoirí Webwise ag webwise.ie/ga/tuismitheoiri i gcuimhne do scoileanna, ar a bhfuil comhairle agus acmhainní saor in aisce ar fáil do thuismitheoirí maidir le réimse ábhar agus saincheisteanna a bhaineann leis an tsábháilteacht ar líne.

# Faisnéis do Ghardaí maidir leis an gCibearbhulaíocht

**"Féadtar dul i ngleic le bulaíocht sa scoil trí bhearta agus straitéisí éagsúla a chur chun feidhme sa scoil féin chun a chur ar chumas phobal uile na scoile déileáil go héifeachtach leis an gcineál iompair sin.**

**Aithnítear go mbíonn baint mhór idir tosca baile agus sochaíocha agus cásanna bulaíochta, ach féadfaidh an scoil a cion a dhéanamh chun bulaíocht a chosc agus níor cheart an ról tábhachtach sin a mheas faoina luach."**

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), 2013; 1.1.2)





**Sainmhíniú ar an mbulaíocht**

Is éard is bulaíocht ann ná 'iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile'. (Gnásanna Frithbhulaíochta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013)

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas sa sainmhíniú nach sainmhíniú uileghabhálach é:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidreamh bulaíochta
- cibearbhulaíocht
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige

**TÁBHACHTACH:**
**Ina theannta sin, sna Gnásanna Frithbhulaíochta ón Roinn Oideachais agus Scileanna, sainmhínítear Cibearbhulaíocht mar "theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta" (Gnásanna Frithbhulaíochta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013)** [1]

**Bulaíocht:**

**D'fhéadfadh sé go ndéanfaí bulaíocht ar dhuine ar bith. Is minic a dhéantar bulaíocht ar pháistí toisc go meastar go bhfuil siad difriúil ar bhealach éigin - cuma nó gothaíocht nó díreach toisc nach duine den slua iad. Bíonn páistí faoi mhíchumas, bíodh míchumas intleachtúil nó fhisiciúil i gceist, níos leochailí. Is cosúil freisin gur mó bulaíocht a dhéantar ar dhaltaí ag a bhfuil tuismitheoirí ró-chosantacha nó ró-mháistriúla ná ar dhaltaí eile.**

Bíonn formhór na bpáistí a ndéantar tromaíocht orthu an t-am ar fad imníoch, mímhuiníneach, nó gríosaitheach. D'fhéadfadh sé go mbeadh íospartaigh ghríosaitheacha ina mbulaithe iad féin. Déantar bulaíocht freisin ar roinnt páistí cumasacha mar gheall go minic go bhfuil an bulaí in éad leo.

*Cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint leis?*

**Tionchar na cibearbhulaíochta ar dhaoine aonair**

Léirítear sa taighde go dtéann an bhulaíocht i bhfeidhm ar dhaoine ar go leor bealaí éagsúla, is féidir na tionchair sin a ghrúpáil ina gceithre chatagóir: Fisiciúil, Sóisialta, Síceolaíoch agus Acadúil.

**Fuarthas amach go bhfuil nasc ann idir an rannpháirtíocht sa chibearbhulaíocht agus dúlagar, imní, strus, fadhbanna mothúchánacha, féinmheas lag agus smaointe féinmharaithe. Tuairiscíonn déagóirí a ndearnadh cibearbhulaíocht orthu go bhfuil drochshláinte fhisiciúil acu. Fuarthas amach go mbíonn deacrachtaí sóisialta ina gcaidrimh ag na híospartaigh agus ag na bulaithe araon. Fuarthas amach freisin go mbíonn tionchar diúltach ag an gcibearbhulaíocht ar ghnóthachtáil acadúil.**[2]

**Mar gheall ar an gcaoi agus ar an áit a dtarlaíonn sí – ar an Idirlíon – is féidir cibearbhulaíocht a dhéanamh ar pháiste gach uair a bhíonn sé ar líne, lena n-áirítear nuair a bhíonn siad sa bhaile.**

Ní hamháin go bhfuil sé deacair í a stopadh ar scoil, ach is féidir le bulaithe teacht ar dhaoine san aon áit amháin ar cheart go mbeidís sábháilte inti agus mar sin, d'fhéadfadh sé go mothódh íospartach nach féidir leis éalú ón mbulaíocht choíche.

Is gnách go mbíonn an chibearbhulaíocht ina gníomh níos tromchúisí. Deir an t-aos óg rudaí ar líne go minic nach ndéarfaidís os comhair duine go brách. Níos measa ná sin, d'fhéadfaí teachtaireachtaí a chur i measc pobail i bhfad níos fairsinge de thoradh na

1 An Roinn Oideachais agus Scileanna - Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/Gnásanna-Frithbhulaíochta-Bunscoile-agus-Iar-bhunscoile.pdf

2 Tanrikulu, I. (2018). Cyberbullying prevention and intervention programs in schools: A systematic review. School psychology international, 39(1), 74-91.

cibearbhulaíochta. Taobh istigh de chúpla clic, is féidir grianghraf náireach nó postáil mhioscaiseach a roinnt ar fud suíomh gréasáin le go mbeidh scoil iomlán in ann iad a fheiceáil.

**Sna cásanna is tromchúisí, d'fhéadfadh an chibearbhulaíocht cur le mothúcháin féinmharaithe agus féindochair.**

### Coimirciú Leanaí: An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Achtaíodh an reachtaíocht seo le déanaí chun leanaí a chosaint a thuilleadh ó dhochar agus baineann sí le gach scoil. Féachann an treoir le cuidiú le daoine chun a aithint go bhfuil mí-úsáid á baint as páiste nó go bhfuil faillí á déanamh air, agus tuairisc a thabhairt do Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, faoi gach ábhar imní réasúnta faoi mhí-úsáid nó faillí. Cuidíonn an treoir freisin le heagraíochtaí a bhíonn ag obair le páistí ach faisnéis a chur ar fáil faoin dea-chleachtas maidir le coimirciú leanaí.

Luaitear san acht go "gcinnteoidh soláthraí seirbhíse ábhartha, a mhéid agus is indéanta go praiticiúil, go mbeidh gach leanbh a bhaineann úsáid as an tseirbhís ón soláthraí sábháilte ó dhochar fad is a bhíonn úsáid á baint as an tseirbhís sin." Áirítear le seirbhíse ábhartha "scoil nó ionad oideachais". Éilítear san acht go ndéanfaidh seirbhís ábhartha "measúnú ar aon dhochar féideartha don leanbh fad is a bhaineann siad úsáid as an tseirbhís agus ráiteas scríofa a réiteach ("ráiteas um choimirciú leanaí") ina sonraítear an tseirbhís a chuirtear ar fáil agus na prionsabail agus na nósanna imeachta is gá a leanúint lena chinntiú a mhéid agus is indéanta go praiticiúil, fad is a bhaintear úsáid as an tseirbhís, go mbeidh an leanbh sábháilte ó dhochar."[3]



[3] An tAcht um Thús Áite do Leanaí, 2015: https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/d1b594-children-first/

[4] Brian O'Neill agus Thuy Dinh, Net Children Go Mobile: Full findings from Ireland (Baile Átha Cliath: Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 2015), lgh. 5, 83.

[5] Inchley, J., Currie, D. B., Budisavljevic, S., Torsheim, T., Jåstad, A., Cosma, A.,... & Arnarsson, Á. M. (2020). Spotlight on adolescent health and well-being: Findings from the 2017/2018 Health Behaviour in School-Aged Children (HBSC) survey in Europe and Canada. Cóbanhávan: Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip.

### Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu

Is mó seans go ndéanfar bulaíocht ar dhaltaí a bhfuil RSO acu agus/nó ar dhaltaí atá faoi mhíchumas. D'fhéadfadh go mbeadh cineálacha iompair nó saintréithe acu a fhágann go bhféadfadh sé go mbeidís ní ba leochailí i leith na bulaíochta.


**Tugtar breac-chuntas sa Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013 ar chuid den taighde a rinneadh ar an ardleibhéal bulaíochta a dhéantar ar dhaltaí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu. Tarraingítear aird ar leith sa Phlean ar leitheadúlacht na bulaíochta ar dhaltaí a bhfuil Uathachas orthu. I staidéar a rinneadh (Tippett et al., 2010) ar thuismitheoirí daltaí a bhfuil uathachas orthu, fuarthas amach go bhfulaingíonn beirt daltaí as gach cúigear a bhfuil uathachas orthu bulaíocht uair éigin agus gur mhéadaigh an líon sin go beagnach triúr as gach cúigear i gcás daltaí ardfheidhmithe a bhfuil uathachas orthu. Fuarthas amach sa staidéar freisin go mbíonn buachaillí níos leochailí ná cailíní agus gur mó an seans go ndéanfar bulaíocht ar leanaí i suíomhanna príomhshrutha ná ar leanaí i suíomhanna eile.**

### Leitheadúlacht na Cibearbhulaíochta

De réir na tuairisce dar teideal Net Children Go Mobile: Full Findings from Ireland, a chuir an tOllamh Brian O'Neill agus Thuy Dinh (OT Bhaile Átha Cliath) i dtoll a chéile:

- d'fhulaing 22% de leanaí cineál éigin bulaíochta ar líne nó as líne.
- Tá an cibearbhulaíocht níos coitianta anois ná an bhulaíocht duine-le-duine (13% anois i gcomparáid le 4% in 2011), agus tarlaíonn sí níos minice ná a mhalairt ar sheirbhísí líonraithe shóisialta.
- Deir 13% de dhaoine idir 13 -14 bliana d'aois go ndearnadh bulaíocht orthu ar shuíomh líonraithe shóisialta.
- Is mó seans go ndéanfar bulaíocht ar chailíní ná ar bhuachaillí (26% de chailíní i gcomparáid le 17% de bhuachaillí).
- Deir 20% de chailíní gur chuir an méid a tharla isteach orthu i gcomparáid le 11% de bhuachaillí.[4]

Tugann an tábla thall breac-chuntais ar chéatadán na ndaoine óga in Éirinn a thuairiscigh i staidéar de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte go ndearna siad bulaíocht ar dhaoine eile uair amháin ar a laghad sna míonna roimhe sin (EDS, 2020).[5]



| A ndearna cibearbhulaíocht ar dhaoine eile | CAILÍNÍ | | | BUACHAILLÍ | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 11 bhl. | 13 bl. | 15 bl. | 11 bhl. | 13 bl. | 15 bl. |
| Uair amháin ar a laghad le cúpla mí anuas | 5% | 9% | 7% | 7% | 9% | 11% |

San am céanna, tugann an tábla seo a leanas breac-chuntas ar chéatadán na ndaoine óga in Éirinn a thuairiscigh i staidéar na hEagraíochta Domhanda Sláinte go ndearnadh bulaíocht orthu uair amháin ar a laghad sna míonna roimhe sin (EDS, 2020).



| Go ndearnadh cibearbhulaíocht orthu | CAILÍNÍ | | | BUACHAILLÍ | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 11 bhl. | 13 bl. | 15 bl. | 11 bhl. | 13 bl. | 15 bl. |
| Uair amháin ar a laghad le cúpla mí anuas | 15% | 24% | 18% | 11% | 12% | 14% |

**Toilteanas agus cumas chun ceisteanna bulaíochta a réiteach**

Leagtar síos i dtuarascáil[6] Ofsted, 2012, na tréithe a bhaineann le scoileanna a léiríonn leibhéal ard muiníne ina dtoilteanas agus ina gcumas chun ceisteanna bulaíochta a réiteach. Go hachomair fuarthas amach leis an tuarascáil go ndearna na scoileanna sin na nithe seo a leanas:

- Thug siad aird mhór ar thuairimí na ndaltaí faoi iompar agus eispéiris bhulaíochta, agus rinneadh rud éigin mar fhreagairt
- Tugadh raon deiseanna struchtúrtha do dhaltaí chun freagracht a ghlacadh as daoine eile sa scoil.
- Múineadh straitéisí go córasach do dhaltaí chun a gcaidreamh féin le daoine eile a bhainistiú agus chun coimhlintí a réiteach (Ofsted, 2012).

[6] Ofsted. (2012). No place for bullying: How schools create a positive culture and prevent and tackle bullying.

**Ról an pháiste sa bhulaíocht**

Tarlaíonn bulaíocht i gcaidrimh idirphearsanta, i ngrúpa piaraí de ghnáth. Ar nós gach caidreamh, is féidir leo a bheith casta agus athraitheach. Taobh istigh de ghrúpa, d'fhéadfadh sé go mbeadh róil éagsúla ag páistí sa bhulaíocht ar laethanta difriúla, i gcúinsí difriúla nó le piaraí difriúla.

D'fhéadfadh sé go mbeadh na róil seo a leanas ag daoine aonair sa bhulaíocht:

- an duine a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi
- an duine a dhéanann bulaíocht ar dhuine eile
- an duine a fheiceann an bhulaíocht ag tarlú nó a bhfuil fhios aige go bhfuil an bhulaíocht á déanamh ar dhuine éigin

**Cé nach mholtar do scoileanna na téarmaí 'bulaí' agus 'íospartach' a úsáid chun lipéad a chur ar pháistí, tá sé tábhachtach iompar míchuí a aithint agus a ainmniú go soiléir.**

Tá sé níos cabhraí cur síos a dhéanamh ar an ról atá ag an bpáiste ná lipéad a chur air.  D'fhéadfadh páiste a bhfuil bulaíocht á déanamh air i gcomhthéacs amháin a bheith ina bhulaí i gcomhthéacs eile, agus d'fhéadfadh páiste a fheiceann bulaíocht

i gcomhthéacs amháin a bheith ina íospartach i gcomhthéacs eile.

Baineann lipéid ar nós 'bulaí' agus 'íospartach' le breithiúnas a dhéanamh ar charachtar duine (iad siúd atá ag déanamh na bulaíochta ar dhaoine eile agus iad siúd a bhfuil an bhulaíocht á déanamh orthu) seachas ar iompar an duine. D'fhéadfadh na lipéid 'bulaí' nó 'íospartach' níos mó dochair a dhéanamh má ghlacann an páiste leis mar chuid dá fhéiniúlacht féin.

Is féidir le daltaí a n-iompar a athrú ach tacaíocht cheart agus eolas a fháil Is féidir le lipéid 'greamú' agus bíonn sé níos deacra do dhaltaí athrú agus fáil réidh leis an lipéad.

Ról na bhFéachadóirí

Bíonn róil thábhachtacha i ndinimic na bulaíochta ag féachadóirí nó ag finnéithe. De réir staidéar amháin (Pepler & Craig, 1997), bíonn féachadóirí i láthair in 85% de chásanna bulaíochta.[7]

**D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt ról ag féachadóirí i gcásanna bulaíochta:**

- cabhrú le páistí atá ag déanamh na bulaíochta agus páirt ghníomhach a ghlacadh
- dearbhú nó spreagadh a thabhairt do na páistí atá ag déanamh na bulaíochta
- gan aon rud a dhéanamh nó a bheith éighníomhach
- cosaint nó tacaíocht a thabhairt don pháiste a bhfuil bulaíocht á dhéanamh air ach idirghabháil a dhéanamh, tacaíocht a fháil ón múinteoir nó ó dhuine fásta nó sólás a thabhairt dóibh

Léirítear sa taighde go ndéanann féachadóirí atá éighníomhach (gan aon ghníomh a ghlacadh) nó a iompraíonn iad féin ar bhealach lena dtugtar dearbhú tostach (féachaint, ceann a chlaonadh, 'is maith liom' a thabhairt, siúl ar aghaidh) an t-iompar sin a spreagadh le leanúint ar aghaidh. Mar sin féin is féidir le gníomhartha a dhéanann féachadóir tacúil stop a chur leis an eachtra nó cúnamh a thabhairt don pháiste teacht chucu féin arís. Nuair a thugann féachadóirí cosaint nó tacaíocht do pháiste a bhfuil bulaíocht á déanamh air, is minic a stopann an bhulaíocht go tapa.

Cé go bhfuarthas amach i staidéar Pepler & Craig go stopfadh an bhulaíocht taobh istigh de 10 soicind i mbeagnach 60% de chásanna nuair a rinne piaraí idirghabháil, léiríodh freisin go ndearna féachadóirí iarracht idirghabháil a dhéanamh i níos lú ná 20% de chásanna.

Tá go leor cúiseanna go gcinneann páiste nach ndéanfaidh sé idirghabháil. D'fhéadfadh sé go mbeadh na nithe seo a leanas i gceist:

- d'fhéadfadh sé an eachtra a fheiceáil mar rud neamhshuntasach nó mar ghnáthrud
- d'fhéadfadh sé go mbeadh eagla air dá shábháilteacht féin nó dá sheasamh sa ghrúpa
- d'fhéadfadh sé go gceapfadh sé go dtabharfaidh duine eile cúnamh/go mbraithfeadh sé gur freagracht duine eile é
- d'fhéadfadh sé go mbeadh imní air go ndéanfadh sé cúrsaí níos measa
- d'fhéadfadh sé nach mbeadh a fhios acu cad ba cheart a dhéanamh
- d'fhéadfadh sé go gceapfadh sé nach ndéanfadh a ngníomhartha difríocht:
- d'fhéadfadh sé ceapadh nach mbaineann sé leis toisc nár ghlac sé páirt san eachtra nó nach bhfuil sé cairdiúil leis an íospartach
- d'fhéadfadh sé go gceapfadh sé go raibh sé tuilte ag an dalta a bhfuil bulaíocht á déanamh air
- d'fhéadfadh sé go gceapfadh sé go bhfuil sé spraíúil a bheith ag breathnú air
- d'fhéadfadh sé nár mhaith leis rud éigin a dhéanamh toisc nach bhfuil rud éigin á dhéanamh ag aon duine eile

Mar sin féin, nuair a dhéanann féachadóir idirghabháil chun tacaíocht a thabhairt don íospartach nó chun a chur in iúl don bhulaí nach nglacfar lena iompar, d'fhéadfadh sé go mbeadh an gníomh sin ina ábhar inspioráide d'fhéachadóirí eile agus go laghdófar drochthoradh na bulaíochta ar an íospartach.

Léirítear i dtaighde (Menesini et al., 2003) gur féidir le múinteoirí a chur ina luí ar fhéachadóirí idirghabháil a dhéanamh nuair a fheiceann siad iompar bulaíochta agus gur dóchúla go dtarlóidh an idirghabháil sin má tá brú an phiarghrúpa ann chuige.[8]

[7] Craig, W. M., & Pepler, D. J. (1998). Observations of bullying and victimization in the school yard. Canadian journal of school psychology, 13(2), 41-59.

[8] Menesini, E., Codecasa, E., Benelli, B., & Cowie, H. (2003). Enhancing children's responsibility to take action against bullying: Evaluation of a befriending intervention in Italian middle schools. Aggressive Behavior: Official Journal of the International Society for Research on Aggression, 29(1), 1-14.

Ó thaobh na cibearbhulaíochta de, d'fhéadfadh an t-idirdhealú idir féachadóirí agus rannpháirtithe gníomhacha a bheith níos doiléire fós. Is minic a bhíonn freagracht ar dhaoine eile de bhreis ar an duine a dhéanann ábhar dochrach a chruthú agus a phostáil ar líne. Is féidir a mheas freisin gur iompar bulaíochta atá i gceist le hábhar a roinnt nó trácht a dhéanamh ar ábhar ar shuíomhanna líonraithe shóisialta, nó ábhar ar líne atá beartaithe chun daoine a náiriú nó chun dochar a dhéanamh dóibh a úsáid nó a leanúint.

Ba cheart go mbeidh sé d'aidhm ag an gcur chuige uilescoile féachaint le hiompar a athrú agus daltaí a spreagadh le bulaíocht a thuairisciú agus dearcthaí frithbhulaíochta a athrú go hiompar frithbhulaíochta. Ós rud é go bhfuil formhór na bhféachadóirí in aghaidh na bulaíochta cheana féin, d'fhéadfaí leas a bhaint as sin i straitéisí idirghabhála ar mhaithe leis na féachadóirí a spreagadh chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine nuair atá bulaíocht á déanamh orthu.  Trí fheasacht a ardú ar an ról atá acu mar fhéachadóirí agus tríd an tuiscint atá acu ar an tionchar a imríonn bulaíocht ar íospartaigh a mhéadú, is féidir féachadóirí a spreagadh le bulaíocht a laghdú i measc an phiarghrúpa. Mar sin féin, is gá a theagasc dóibh conas is féidir leo freagairt do bhulaíocht ar bhealach sábháilte tairbheach. Tá sé tábhachtach go bhfuil comhthuiscint ann ar phróisis shoiléire tuairiscithe.

Is féidir daltaí a mhúineadh chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

a. Rud éigin tacúil a rá nó a scríobh chuig an duine a bhfuil bulaíocht á déanamh air
b. Rud éigin a rá nó a scríobh chuig an duine atá ag déanamh na bulaíochta
c. An scéal a insint do dhuine éigin - múinteoir, tuismitheoir, cúramóir, na Gardaí más cúis le dochar tromchúiseach í an bhulaíocht
d. Rud éigin a dhéanamh chun tacú leis an duine a bhfuil bulaíocht á déanamh air
e. Gan páirt a ghlacadh nó gan daoine a spreagadh chun duine a ghortú



**Beartais Frithbhulaíochta**

Tugtar le fios go follasach sa taighde idirnáisiúnta a ríthábhachtaí atá beartas scoile agus a chur i bhfeidhm ina leagtar amach cur chuige na scoile maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. D'fhéadfadh beartas frithbhulaíochta, nuair a forbraítear agus nuair a chuirtear i bhfeidhm é ar fud phobal na scoile a bheith lárnach chun dul i ngleic le hiompar bulaíochta sna scoileanna.


Ní mór do mhúinteoirí agus do ghardaí eolas a chur ar bheartas frithbhulaíochta na scoile roimh na ceachtanna a theagasc.

**Cosc Rangbhunaithe**

Léirítear sa taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta go leanúnach gurb é an múinteoir ranga an duine gairmiúil is fearr chun oibriú go stuama agus go seasmhach le daltaí agus go bhféadann sé tionchar cumhachtach a imirt ar dhearcadh, ar luachanna agus ar iompraíocht daltaí i ngach gné den oideachas sláinte.

Tá sé an-tábhachtach timpeallacht ranga shábháilte agus chomhbhách a chruthú ina léirítear comh-mheas ar na rialacha agus cearta agus freagrachtaí gach duine. Ní mór do na daltaí tuiscint shoiléir a bheith acu ar na cearta atá acu agus ar na freagrachtaí atá orthu maidir le hiompar bulaíochta sa seomra ranga agus ní mór go mbeadh ionchais shoiléire acu maidir leis an gcaoi a ndéileálfaidh an múinteoir ranga le fadhbanna den sórt sin.

Cé gurb iad múinteoirí atá freagrach ar deireadh as an iompar sa seomra ranga, agus cé nár cheart dóibh glacadh le hiompar bulaíochta ar chor ar bith, léirítear i dtaighde go bhfreagraíonn daltaí níos fearr i gcásanna ina bhfuil leas dílsithe acu sna rialacha atá i bhfeidhm agus ina mothaíonn siad go bhfuil sé ar a gcumas forfheidhmiú na rialacha a mhaoirsiú. Ach ról a thabhairt do na daltaí sa rialacha ranga a chruthú, cabhraítear le meas a thógáil agus iompar sóisialta a chur chun cinn. Ba cheart do na rialacha a bheith soiléir, simplí, agus go mbainfidís le gach duine.



**Ba cheart do scoileanna atmaisféar "ina n-insítear an scéal" a spreagadh ionas go ndéanfaidh daltaí an chibearbhulaíocht a thuairisciú nuair a fheiceann siad í.** Chun an méid sin a dhéanamh, is féidir le do scoil poibliú a dhéanamh ar bhealaí éagsúla chun an chibearbhulaíocht a thuairisciú, d'fhonn muinín a thabhairt do na féachadóirí. Ní mór beartais frithbhulaíochta a nuashonrú go rialta agus ní mór iad a leasú freisin d'fhonn déileáil leis an gcibearbhulaíocht de réir mar a thagann sí chun cinn. Tabharfaidh sin bun láidir don scoil ó thaobh imscrúduithe agus pionós de.

Ní mór samplaí soiléire d'iompar bulaíochta a thabhairt go follasach do dhaltaí, lena n-áirítear an chibearbhulaíocht, an bhulaíocht bunaithe ar chéannacht duine agus an bhulaíocht homafóbach. Ní mór do na rialacha ranga a chur in iúl go soiléir go bhfuiltear ag súil go déarfaidh daltaí 'stop' nuair a fheiceann siad rud ar bith a cheapann siad atá mícheart agus go dtuairisceoidh siad an imní atá orthu don mhúinteoir ranga nó do dhuine fásta eile atá in ann cabhair a thabhairt dóibh.

### Conas is féidir le scoileanna déileáil leis an gcibearbhulaíocht?

- **Tacaíocht:** Tugtar tacaíocht agus muinín don duine a bhfuil bulaíocht á déanamh air. Insítear dó go ndearna sé an rud ceart nuair a thuairiscigh sé an bhulaíocht. Tugtar misneach don pháiste cúnamh a iarraidh ó na tuismitheoirí, ón gcomhairleoir scoile, ón bpríomhoide nó ó na múinteoirí. Cinntítear go bhfuil a fhios aige go bhfuil tacaíocht ar fáil.
- **Fianaise:** Tugtar cúnamh don pháiste fianaise ábhartha a choimeád le haghaidh imscrúduithe. Is féidir iad a choimeád ach gabháil scáileáin a ghlacadh nó leathanaigh ghréasáin a phriontáil. Cinntítear nach scriostar teachtaireachtaí gutháin.
- **Eolas a thabhairt:** Tugtar comhairle don pháiste lena chinntiú nach dtarlóidh sé arís. D'fhéadfaí na nithe seo a leanas a mholadh: pasfhocail a athrú; sonraí teagmhála a athrú; próifílí ar shuíomhanna líonraithe shóisialta a bhacadh; nó drochíde ar líne a thuairisciú.
- **Ná lorgaítear díoltas:** Cinntítear nach lorgaíonn an duine óg díoltas agus nach bhfreagraíonn siad na teachtaireachtaí.
- **Príobháideachas:** Iarrtar ar an bpáiste faisnéis phearsanta a choimeád príobháideach ar an idirlíon.
- **Iniúchadh:** Is gá imscrúdú iomlán a dhéanamh ar an éileamh cibearbhulaíochta. Má tá déantóir na coire ar eolas, iarrtar orthu na ráitis nó na postálacha maslacha a bhaint. Ba cheart an uile thaifead a choimeád mar chuid den imscrúdú.
- **Tuairiscigh:** Ní mór drochíde ar láithreáin líonraithe shóisialta nó i dteachtaireachtaí téacs a thuairisciú do na suíomhanna gréasáin agus do sholáthróirí seirbhíse an fhóin phóca.
- **Treoirlínte:** Tá roinnt doiciméid bheartais ag an scoil ar féidir dul i gcomhairle leo. Áirítear leis na doiciméid sin an Polasaí Úsáide Inghlactha, Beartais Frithbhulaíochta agus Beartais Iompair agus Smachta.

### Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

Is é an tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) an comhthéacs uileghabhálach don obair frithbhulaíochta i scoileanna. Tá OSPS in ainm agus tacú le forbairt phearsanta, sláinte agus folláine daoine óga agus chun cuidiú leo caidrimh thacúla a chruthú agus a chothú. Is gné de churaclam na scoile é trínar féidir dul i bhfeidhm go buan agus go dearfach ar mheonta, luachanna agus scileanna an dalta a mhúnlú. Leis an gcreat solúbtha a mholtar in OSPS, cuirtear ar a gcumas do scoileanna bearta dearfacha a phleanáil agus a chur i bhfeidhm sa tslí is oiriúnaí dá riachtanais aonair.

Téitear i ngleic leis an mbulaíocht agus le gach ní a bhaineann le hiompar bulaíochta ar fud an churaclaim OSPS i roinnt snáithaonaid, mar shampla: Sábháilteacht agus cosaint, Ag déanamh cinntí, Caidreamh le daoine eile, Mo chairde agus daoine eile agus Oideachas na meán cumarsáide. Déantar forbairt bhreise ar shaincheisteanna a bhaineann leis an mbulaíocht, e.g. braistintí agus mothúcháin agus féinaithne, a spreagadh i snáithaonaid eile den churaclam OSPS.



# Acmhainní agus Cláir Frithbhulaíochta agus Sábháilteachta ar Líne

**Cláir agus acmhainní bunscoile a thacaíonn le múinteoirí dul i ngleic leis an mbulaíocht agus le gach ní a bhaineann le hiompar bulaíochta do dhaltaí i rang a trí agus rang a ceathair.**

**An Clár Bí Sábháilte**

Is cur chuige bunaithe ar an mbunscoil i leith mí-úsáid leanaí a chosc é an Clár Bí Sábháilte. Ní mór do gach bunscoil an clár Bí Sábháilte a chur i bhfeidhm ina iomláine mar chuid den tSraith dhá bhliain OSPS. Is é is aidhm don chlár Bí Sábháilte an baol a bhaineann le mí-úsáid leanaí agus le bulaíocht a mhaolú trí chlár oideachais um shábháilteacht phearsanta a sholáthar do dhaltaí bunscoile.

Is é is aidhm don chlár na scileanna cuí a thabhairt do dhaltaí a chuirfidh ar a gcumas dóibh mí-úsáid agus íospairt a aithint agus cur ina n-aghaidh agus múineann sé dóibh gur cheart a rá (le duine fásta atá in ann cabhair a thabhairt dóibh) i gcónaí má tharlaíonn aon rud a mheasann siad a bheith baolach, a chuireann isteach orthu, a dhéanann bagairt orthu, a bhíonn contúirteach nó a mbaineann mí-úsáid leis. I gcás bunscoileanna oibríonn an clár 'Bí Sábháilte' chun cur le scileanna féinchosanta na ndaltaí thar réimse leathan cásanna agus spreagtar páistí chun rud éigin a rá le duine fásta nuair a tharlaíonn cásanna díobhálacha.

Cuirtear ceachtanna ar fáil chun dul i ngleic le Cairdeas agus Bulaíocht ar gach leibhéal ranga bunscoile. Tá sé d'aidhm shonrach ag na ceachtanna do dhaltaí i rang a trí agus rang a ceathair luach an chairdis a fhiosrú agus an tábhacht a bhaineann le meas agus dínit a thaispeáint do gach duine.

Sna ceachtanna sin, cabhraítear le páistí tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist leis an mbulaíocht agus ar an gcaoi a dtéann sí i bhfeidhm ar dhaoine eile. Tugtar deiseanna do pháistí sna ceachtanna tuiscint agus straitéisí déileála a fhorbairt.

Tugtar aghaidh sna ceachtanna ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an bhféachadóir maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbulaíocht. Múintear do pháistí faoin bhfreagracht chomhroinnte atá orthu maidir le háit shábháilte a chruthú do gach duine sa scoil agus sa phobal. Déantar straitéisí d'idirghabhálacha iomchuí a fhiosrú. Anuas air sin tugtar aghaidh ar an tábhacht a bhaineann le straitéisí a fhorbairt chun an chibearbhulaíocht a chosc agus a láimhseáil.

Ar fáil ar: www.staysafe.ie

**Webwise - Laochra HTML:**
**Tús Eolais ar an Idirlíon**

Dearadh Laochra HTML go sainiúil do bhunscoileanna ar mhaith leo an tsábháilteacht idirlín a thabhairt isteach sa teagasc a dhéantar ar an gcuraclam OSPS do pháistí idir seacht agus deich mbliana d'aois.

Is é is aidhm do na ceachtanna daltaí a mhúineadh faoin gcaoi a n-úsáidtear an t-idirlíon go sábháilte agus go freagrach.

Díríonn na ceachtanna ar na gnéithe seo a leanas:

a) na scileanna a theastaíonn chun an gréasán a bhrabhsáil, mar shampla cuardach éifeachtach sábháilte a dhéanamh
b) an t-ábhar ar líne atá iontaofa a aithint
c) na scileanna a theastaíonn chun cumarsáid shábháilte agus éifeachtach a dhéanamh ar líne
d) déileáil le ceisteanna faoi fhaisnéis phearsanta a roinnt ar líne
e) meas a léiriú ar dhaoine eile
f) cluichí ar líne

Ar fáil ar: www.webwise.ie/html-heroes/

**An Clár Misneach**

Is é is aidhm don chlár an mhuinín, na scileanna, na meonta agus an t-eolas a thabhairt do pháistí chun roghanna sláintiúla a dhéanamh ina saol. Áirítear ceachtanna maidir le aghaidh a thabhairt ar an mbulaíocht sna ceachtanna do rang a trí sa chlár Misneach.

Ar fáil ar: www.pdst.ie/walktall

**Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)**

Cuireann OCG deiseanna struchtúrtha ar fáil do leanaí chun an t-eolas, dearcthaí, luachanna, creidimh agus scileanna praiticiúla is gá a fhorbairt chun caidrimh phearsanta shláintiúla a bhunú agus a chothú mar pháistí agus, ina dhiaidh sin, mar dhaoine fásta.

Is é is aidhm do na ceachtanna aghaidh a thabhairt ar thopaicí éagsúla lena n-áirítear an féinmheas, ag fás agus ag athrú, beatha nua, mothúcháin, sábháilteacht agus cinntí a dhéanamh le fócas ar chaidreamh leis an teaghlach, le cairde agus le daoine eile.





# Bí Cineálta Ar Líne: Ceachtanna



# Bí Cineálta Ar Líne

# Ceacht 1

**Príomhtheachtaireachtaí:**

**Ba cheart a chur ar a gcumas do na daltaí na nithe seo a leanas a thuiscint:**

- **Cad is cibearbhulaíocht ann?**
- **Conas a d'fhéadfadh an chibearbhulaíocht duine a ghortú**
- **Go mbíonn an chibearbhulaíocht mícheart i gcónaí**
- **Conas is féidir leo cur leis an gcibearbhulaíocht tríd an méid a dhéanann siad nó nach ndéanann siad agus trí na freagraí a thugann siad ar an méid a phostálann daoine eile ar líne**
- **Cad is féidir leo a dhéanamh ionas nach ndéanfar cibearbhulaíocht orthu ná ar dhaoine eile**

**Acmhainní:**

- Cur i LáthairPowerPoint
- Beochan Bí Cineálta Ar Líne: Scéal Áine (an dá cheann ar fáil ag webwise.ie/bekindonline nó garda.ie)

**Faisnéis Thábhachtach:**

- Sula dtugann tú an ceacht seo, moltar duit eolas a chur ar Ráiteas Coimircithe Leanaí na scoile, ar Bheartas Frithbhulaíochta na scoile agus ar na treoracha a leagtar amach ar lch. 8 den chuid seo Conas an acmhainn seo a úsáid maidir leis an gcaoi chun déileáil le nochtadh.
- Ba cheart do dhaltaí Bileog Oibre 1 a dhéanamh roimh an gcéad cheacht.

**Treoirlínte don phlé:**


Agus an bhulaíocht/an chibearbhulaíocht á plé agat sa seomra ranga, déan iarracht na daltaí a spreagadh chun labhairt i dtéarmaí ginearálta agus gan ainmneacha a úsáid nó daoine aonair ar leith a lua, e.g. bain úsáid as focail ar nós na cinn seo a leanas:

"D'fhéadfadh duine... agus mar gheall air sin, d'fhéadfadh sé go
mbraithfeadh duine éigin eile..."

"Uaireanta, d'fhéadfadh le duine..."

Ba cheart daltaí a spreagadh chun a gcuid tuairimí agus freagraí a chosaint e.g. "Ceapaim sin mar..."

Ach tuairimí a mhíniú agus a chosaint, cuirfidh sé ar a gcumas do pháistí eile tuiscint níos fearr a fháil ar na próisis réasúnaíochta agus smaointeoireachta atá ag tarlú.



**Script na nGardaí**

**Sleamhnán 1: Rún foghlama:**

Táimid chun labhairt faoin gcibearbhulaíocht inniu - cad í féin agus conas a mhothaíonn duine a bhfuil cibearbhulaíocht á déanamh air. Táimid chun labhairt freisin faoin gcaoi ar féidir le gach duine againn gníomhú chun muid féin agus daoine eile a chosaint ar an gcibearbhulaíocht.

Tabhair faoi deara: Caith súil siar ar an ngníomhaíocht meaitseála atá le tabhairt abhaile (Bileog Oibre 1).

**Sleamhnán 2: Réamhrá**

Iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar ar fhoghlaim siad faoin mbulaíocht.

Is éard is bulaíocht ann

...........nuair a ghortaíonn sé duine eile

...........d'aon ghnó

.......... níos mó ná uair amháin.

Iarr ar na daltaí samplaí a thabhairt den chaoi a ndéanfaí bulaíocht ar dhuine.

**Sleamhnán 3: Forbairt: Cad is Cibearbhulaíocht ann?**

Fiafraigh de na daltaí cad a thuigeann siad faoin gcibearbhulaíocht.

Is éard is cibearbhulaíocht ann nuair a úsáideann duine an teicneolaíocht chun bulaíocht a dhéanamh ar dhuine eile.

Cén cineál teicneolaíochta/gléas a d'fhéadfaí a úsáid chun bulaíocht a dhéanamh ar dhuine? Fón póca, consól cluichíochta, táibléad, iPad, ríomhaire glúine, ríomhaire, ceamara etc.

**Sleamhnán 4: Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an idirlíon!**

Féach ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí a bhaineann le gléasanna digiteacha!

Cad iad na buntáistí a bhaineann leis na cineálacha gléasanna sin?

Tá na gléasanna sin go léir an-mhaith agus is féidir linn iad a úsáid le haghaidh rudaí spraíúla mar shampla cluichí, cumarsáid a dhéanamh lena chéile, pictiúir/físeáin a roinnt agus foghlaim a dhéanamh.

**Sleamhnán 5: Cad iad na buntáistí a bhaineann leis na cineálacha gléasanna sin?**

Ach má tá duine ag úsáid aon ghléis chun duine eile a ghortú, bagairt a dhéanamh orthu, duine a náiriú, duine a chur trína chéile, cur isteach ar dhuine, dúmhál a dhéanamh, nó díriú ar bhealach eile ar an duine, ansin tá cibearbhulaíocht á déanamh acu ar an duine sin.

Gníomhaíocht mholta: Roinn na daltaí ina ngrúpaí beaga nó ina mbeirteanna chun na ceisteanna thíos a phlé agus ansin faigh aiseolas ón ngrúpa.

**Sleamhnán 6: Pléigh leis na daltaí conas a d'fhéadfaí cibearbhulaíocht a dhéanamh ar dhuine?**

Trí

- Pictiúir/téacsanna/teachtaireachtaí gránna a sheoladh
- 'Is maith liom' a thabhairt do phostálacha gránna
- Duine a fhágáil ar lár d'aon ghnó ó chomhrá grúpa nó ó chluiche chun an duine sin a ghortú
- Ráflaí gránna a scaipeadh
- Postálacha gránna a roinnt, nó trácht a dhéanamh ar postálacha gránna a dhéanann daoine eile
- Ag 'leanúint' daoine a chuireann tráchtanna, teachtaireachtaí nó pictiúir ghránna suas díreach chun daoine eile a ghortú



### Sleamhnán 7: Cad é an difríocht idir an bhulaíocht duine le duine agus an chibearbhulaíocht?

Is é an difríocht is mó idir an bhulaíocht duine le duine agus an chibearbhulaíocht gur féidir leis an gcibearbhulaíocht tarlú áit ar bith ag am ar bith den lá nó den oíche. Tá sé tábhachtach cuimhneamh air nach féidir leis an duine a bhfuil cibearbhulaíocht á déanamh air an teachtaireacht, pictiúr nó trácht a scriosadh é féin.

I bhformhór na gcásanna den chibearbhulaíocht feiceann go leor daoine eile na tráchtanna, na pictiúir agus na teachtaireachtaí gránna agus d'fhéadfadh sé go mbeadh an-náire ar an íospartach agus go mbraithfeadh sé nach féidir leis é a stopadh toisc nach féidir leis na tráchtanna, na pictiúir agus na teachtaireachtaí gránna a bhaint anuas.

Uaireanta, ní bhíonn a fhios ag an íospartach cé atá ag postáil na dtráchtanna, na bpictiúr nó na dteachtaireachtaí gránna fiú, rud a fhágann go mbraitheann sé buartha agus faiteach faoi na daoine ar féidir leis muinín a chur iontu.

### Sleamhnán 8: Conas a mhothódh duine dá ndéanfaí cibearbhulaíocht air?

Tabhair cuireadh do na daltaí labhairt faoin gcaoi a d'fhéadfadh sé a mothódh duine dá ndéanfaí cibearbhulaíocht air. D'fhéadfadh sé go mothófá......

Gortaithe, Trína chéile, Uaigneach, Náirithe, Imníoch, Faiteach, Brónach, Gan chosaint.....

### Sleamhnán 9: Seinn gearrthóg físe – Scéal Áine

Féachann na daltaí ar an bhfíseán agus stoptar an físeán chun plé a dhéanamh ag pointí plé. Tugtar meabhrúcháin san fhíseán é a stopadh agus plé a dhéanamh.

A: Cad atá ar siúl anseo?
Cad a chiallaíonn trácht Sarah?
An gceapann tú go ndearna Sarah rud gránna? Conas?
An gceapann tú go dtuigeann Áine an trácht?

B: Cad atá ar siúl anseo?
An bhfuil imní ann go bhféadfadh bulaíocht a bheith ar siúl?
Má tá, cé air a bhfuil bulaíocht á déanamh agus cé a d'fhéadfadh a bheith ina bhulaí?
Cad faoi na páistí eile? An bhfuil siad ag cur leis an mbulaíocht? Má tá, conas?
Cad a d'fhéadfadh/ba cheart d'Áine a dhéanamh?

C: Cén tionchar atá ag an mbulaíocht ar Áine?
Conas a chuir na páistí eile leis an mbulaíocht?
Cad a tharlódh, dar leat, mura dtabharfadh páistí eile'is maith liom' do na tráchtanna gránna nó don fhíseán?
Cad a d'fhéadfadh Mandy a dhéanamh chomh maith le teachtaireacht phríobháideach a sheoladh chuig Áine?
Cad a d'fhéadfadh na páistí eile a dhéanamh chun tacú le hÁine?

Féach ar dheireadh an fhíseáin maidir le roinnt rudaí a d'fhéadfadh Áine a dhéanamh agus roinnt rudaí a d'fhéadfadh/ba cheart do dhaoine eile a dhéanamh.

### Sleamhnán 10: Conclúid an cheachta

Labhraíomar inniu faoin gcibearbhulaíocht - cad atá i gceist léi agus conas a mhothaíonn duine a bhfuil cibearbhulaíocht á déanamh air. Labhraíomar freisin faoi

a) roinnt rudaí tábhachtacha is féidir linn a dhéanamh chun muid féin agus daoine eile a chosaint ar an gcibearbhulaíocht
b) conas is féidir linn (d'aon ghnó nó de thimpiste) cur leis an gcibearbhulaíocht tríd an méid a dhéanaimid nó nach ndéanaimid agus an chaoi a bhfreagraímid ar an méid a phostálann daoine eile ar líne

D'fhoghlaimíomar freisin a thábhachtaí atá sé gan tráchtanna nó teachtaireachtaí gránna a chuireann daoine eile ar líne a roinnt.

# Bí Cineálta Ar Líne

# Ceacht 2

**Príomhtheachtaireachtaí:**

**Ba cheart a chur ar a gcumas do na daltaí na nithe seo a leanas a dhéanamh:**

a. **Tógáil ar an tuiscint atá acu ar**
   - Conas a tharlaíonn cibearbhulaíocht agus go mbíonn cibearbhulaíocht mícheart i gcónaí
   - Conas a d'fhéadfadh an chibearbhulaíocht duine a ghortú
   - Conas is féidir leo cur leis an gcibearbhulaíocht tríd an méid a dhéanann siad nó nach ndéanann siad agus trí na freagraí a thugann siad ar an méid a phostálann daoine eile ar líne

b. **Straitéisí a fhorbairt chun iad féin agus daoine eile a choimeád sábháilte ar líne**

c. **Tuiscint a fháil ar a thábhachtaí atá sé an scéal a insint má dhéantar cibearbhulaíocht orthu nó ar dhuine a bhfuil aithne acu orthu**

d. **Ról na nGardaí chun dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht a thuiscint**

**Acmhainní:**

- Cur i láthair PowerPoint Bí Cineálta Ar Líne atá ar fáil ar webwise.ie/bekindonline nó ar garda.ie
- Físeán: Scéal Dhónal atá ar fáil ag www.webwise.ie/bekindonline
- Bileog oibre 2 - Gníomhaíocht le tabhairt abhaile a thabharfar do na daltaí ag deireadh an cheachta
- Aguisín 3 - Teimpléad dathúcháin Bí Cineálta Ar Líne
- Comhaontú Ranga Bí Cineálta Ar Líne



**Script na nGardaí**

**Sleamhnán 1: Rún foghlama:**

Inniu beimid ag caint níos mó faoin gcibearbhulaíocht - conas a d'fhéadfadh an chibearbhulaíocht tarlú agus conas a mhothaíonn duine a bhfuil cibearbhulaíocht á déanamh air. Táimid chun labhairt freisin faoin gcaoi ar féidir le gach duine againn gníomhú chun muid féin agus daoine eile a chosaint ar an gcibearbhulaíocht agus cad is féidir linn go léir a dhéanamh chun stop a chur le cibearbhulaithe.

**Sleamhnán 2: Réamhrá**

Téigh siar ar an gceacht roimhe seo agus ar an méid a d'fhoghlaim na daltaí faoin gcibearbhulaíocht – cad í féin agus conas is féidir léi tarlú agus conas a bhraitheann daoine a bhfuil sí á déanamh orthu. Iarr ar na daltaí an méid a tharla i Scéal Áine a insint go hachomair.

**Sleamhnán 3: Forbairt:**

Seinn gearrthóg físe – Scéal Dhónail

Féachann na daltaí ar an bhfíseán agus stoptar an físeán chun plé a dhéanamh ag pointí plé.

A: Cad atá ar siúl anseo?
Cad a chiallaíonn an méid a dúirt Emma, Paul agus Samir?
Conas a bhraitheann Dónal faoi sin, dar leat?
Cad ba cheart do Dhónal a dhéanamh?

B Cad atá ar siúl anseo?
An bhfuil imní ann go bhféadfadh bulaíocht a bheith ar siúl?
Má tá, cé air a bhfuil bulaíocht á déanamh agus cé a d'fhéadfadh a bheith ina bhulaí?
Conas atá siad ag déanamh bulaíochta air?

C: Cé atá i mbun na bulaíochta anseo?
Cén chuma a bhíonn ar an mbulaíocht?
Cad faoi na páistí eile? An bhfuil siad ag cur leis an mbulaíocht? Má tá, conas?
Cén fáth a bhfuil na páistí eile á n-iompar féin mar atá?
Cad ba cheart a bheith déanta ag Dónal?
Cad ba cheart a bheith déanta ag na féachadóirí?
Ar cheart go mbeadh rud éigin déanta ag Alexander?
Ar cheart do Dhónal an méid a tharla a lua le Alexander agus an chaoi a mbraitheann sé faoi a insint dó?
Ar chóir dó é a lua lena thuismitheoirí, nó le duine fásta éigin eile?

### Sleamhnán 4: Cad is féidir leat a dhéanamh má tá cibearbhulaíocht á déanamh ar dhuine éigin?

Ag úsáid an fhíseáin mar shampla cén chomhairle a thabharfá do:

**a. an duine a bhfuiltear ag díriú air - cad a d'fhéadfadh sé/ba chóir dó a dhéanamh?**
*Anseo caithfear a mheabhrú do na daltaí a thábhachtaí atá sé insint do dhuine fásta faoin méid atá ag tarlú. Meabhraigh 'An Cúigear Iontaofa' ón gclár Bí Sábháilte do na daltaí. Cé dó a bhféadfaidís an scéal a insint? Tuismitheoir, múinteoir, duine fásta a bhfuil muinín acu as, na Gardaí.*



**B) Má tá cibearbhulaíocht á déanamh ort...**
Ná freagair teachtaireachtaí a chuireann isteach ort nó a chuireann olc ort

Coimeád an teachtaireacht: Ní gá í a léamh, ach coimeád mar sin féin í.

Cuir bac ar an seoltóir: Ní gá duit cur suas le duine a chuireann isteach ort.

Inis an scéal do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as atá in ann cabhrú leat

**Ba cheart tuairisc a thabhairt don Gharda Síochána i gcásanna tromchúiseacha bulaíochta agus cibearbhulaíochta**

### Sleamhnán 5: Na cluichirí eile - cad a d'fhéadfaidís/ba cheart dóibh a dhéanamh?

San fhíseán chonaiceamar an chaoi ar chuir cuid de na cluichirí eile leis an gcibearbhulaíocht. Iarr ar na daltaí moltaí a dhéanamh maidir le bealaí difriúla a d'fhéadfadh na cluichirí eile iad féin a iompar Cad a d'fhéadfaidís a dhéanamh?

Conas a d'fhéadfaidís tacú leis an duine a bhfuiltear ag díriú air?

Tabhair le fios don duine agus don té a dhéanann na tráchtanna nó a sheolann na teachtaireachtaí nach n-aontaíonn siad leis na tráchtanna nó na teachtaireachtaí gránna.

Conas a d'fhéadfaidís stop a chur leis an gcibearbhulaíocht?

Gan na tráchtanna nó na teachtaireachtaí a roinnt nó cur leo. An méid atá ag tarlú a thuairisciú do dhuine fásta a bhfuil muinín acu as. Más féidir tuairisc a thabhairt ar a bhfuil ag tarlú sa chluiche (aip) nó ar an ardán.

**Cuir béim ar an ról tábhachtach atá ag daoine eile maidir le cabhair a fháil don duine a bhfuil cibearbhulaíocht á déanamh air agus a thábhachtaí atá sé an chibearbhulaíocht a thuairisciú do dhuine fásta a bhfuil muinín acu as.**

### Sleamhnán 6: Cad ba cheart duit a dhéanamh má tá cibearbhulaíocht á déanamh ar dhuine eile?

Tabhair le fios don duine sin go dtacaíonn tú leis.

Ná bí páirteach agus ná roinn aon tráchtanna, postálacha ná pictiúir a d'fhéadfadh daoine eile a ghortú.

Tuairiscigh an chibearbhulaíocht do dhuine atá in ann cabhrú – tuismitheoir nó múinteoir.

Má fheiceann tú tráchtanna gránna ar líne, tuairiscigh chuig an ardán iad.

Níor cheart go ndéanfaí cibearbhulaíocht ar aon duine riamh. Is féidir linn go léir cabhrú leis an idirlíon a fheabhsú ach an fód a sheasamh i gcoinne na cibearbhulaíochta.

### Sleamhnán 7: Na Gríosóirí - cad a d'fhéadfaidís/ba cheart dóibh a dhéanamh?

San fhíseán chonaic muid Paul, Samir agus Emma ag postáil tráchtanna gránna faoi Dhónal, dhírigh siad air agus choinnigh siad amach as an gcluiche é.

Iarr ar na daltaí moltaí a thabhairt faoin gcaoi a bhféadfaidís a n-iompar a athrú agus an cheist a réiteach.

- Cén chaoi a bhfuil Paul, Samir agus Emma ag gabháil d'iompar bulaíochta le linn an chluiche?

Tugann siad neamhaird ar Dhónal sa ghrúpa comhrá, díríonn siad ar Dhónal sa chluiche, ní ligeann siad do Dhónal imirt leo arís agus postálann siad pictiúr náireach de Dhónal, mar aon le tráchtanna gránna a dhéanamh faoi sa seomra comhrá.

- Conas a d'fhéadfadh na himreoirí freagairt ar bhealach difriúil do Dhónal nuair a itheadh é agus nuair a chaill an fhoireann pointí mar gheall air sa chéad chluiche?

Nuair a ghabh Dónal leithscéal leo tar éis an chluiche, d'fhéadfadh Paul, Samir agus Emma Dónal a chur ar a shuaimhneas agus a rá leis go raibh sé ceart go leor gur itheadh é mar itheadh iadsan freisin ní ba dhéanaí.

D'fhéadfaidís a rá le Dónal go ndéanfaidís go léir iarracht níos fearr an chéad uair eile.

- Conas a d'fhéadfadh na daoine atá páirteach sa bhulaíocht an cheist a réiteach?

D'fhéadfaidís leithscéal a ghabháil le Dónal. D'fhéadfaidís cuireadh a thabhairt dó imirt le gach duine sa chluiche.

**Cuir in luí orthu gur féidir leis an ngríosóir a iompar a athrú i gcónaí agus an cheist a réiteach.**

### Sleamhnán 8: Cad ba cheart duit a dhéanamh má tá baint agat le bulaíocht nó lena spreagadh ar líne?

Aithin go raibh an rud a rinne tú mícheart agus gur gortaíodh mothúcháin duine eile.

Gabh leithscéal leis an duine ar ghortaigh tú é.

Smaoinigh sula bpostálann tú ar líne - conas a bhraithfidh daoine eile faoi seo?

Tá sé ceart go leor mura mothaíonn tú ceart go leor. Ach níor cheart a bheith ag piocadh ar dhuine eile toisc go bhfuil tú trína chéile nó feargach, ní hé sin an bealach ceart chun déileáil leis na mothúcháin sin.

Faigh cabhair ó thuismitheoir/comhairleoir scoile/duine fásta a bhfuil muinín agat astu agus labhair faoi conas is féidir leat déileáil níos fearr leis an gcaoi a bhfuil tú ag mothú.

### Sleamhnán 9: Cén fáth ar cheart duit labhairt le duine fásta?

Tá sé tábhachtach go n-inseofar an scéal do dhuine fásta atá in ann cabhrú leat má tá cibearbhulaíocht á déanamh ort féin nó ar dhuine eile. Pléigh leis na daltaí na rudaí a d'fhéadfadh duine fásta a dhéanamh e.g. tacú leo, tuiscint a léiriú ar a bhfuil ag tarlú, labhairt leis an múinteoir, leis an bpríomhoide, leis an gcóitseálaí nó le duine fásta éigin eile a chabhróidh le stop a chur léi.

Meabhraigh do na páistí go bhfuil sé tábhachtach mura ndéantar aon rud go labhraíonn siad le duine fásta eile a chabhróidh

leo. Cuir na rialacha Bí Sábháilte i gcuimhne dóibh... **Coinnigh ort ag insint an scéil go ndéanann duine éigin rud éigin chun cabhrú leat.**

## Sleamhnán 10: Cad a dhéanfaidh an Garda Síochána má thuairiscítear cibearbhulaíocht dó?

Tuigeann an Garda Síochána go bhféadfadh sé a bheith deacair eachtraí a thuairisciú. Oibreoidh an Garda Síochána le gach duine lena mbaineann chun an cheist a réiteach. Tar éis don Gharda d'ainm, do sheoladh agus sonraí do thuismitheoirí a ghlacadh cuirfidh sé ceisteanna mar seo a leanas ort:

- Cathain a thosaigh an chibearbhulaíocht?
- Cá fhad atá sí ag dul ar aghaidh?
- Cé atá á dhéanamh?
- Cén fáth, dar leat, go bhfuil sí á déanamh acu?
- An ndearna an duine/daoine sin bulaíocht ort duine le duine riamh?

Iarrfaidh an Garda ort na teachtaireachtaí a thaispeáint dó agus mar sin cinntigh go bhfuil siad go léir sábháilte agat. Tá sé cabhrach gabháil scáileáin a ghlacadh de na teachtaireachtaí/postálacha chun iad a thaispeáint don Gharda. Beidh ar an nGarda Síochána cóip de na teachtaireachtaí go léir a fháil, mar sin má thugann tú cóip chlóite de na teachtaireachtaí chomh maith leis an ngléas ar a bhfuil siad stóráilte leat chuig an stáisiún, ba mhór an chabhair don Gharda é. Braithfidh na chéad chéimeanna eile den imscrúdú ar ábhar na dteachtaireachtaí. De ghnáth rachaidh Garda i dteagmháil leis an duine/na daoine atá ag seoladh na dteachtaireachtaí agus leis an scoil má tá siad go léir sa scoil chéanna.

Uaireanta is féidir an chibearbhulaíocht a réiteach ach idirghabháil a dhéanamh idir na páirtithe, scoileanna agus na Gardaí. Uaireanta d'fhéadfadh cibearbhulaíocht níos tromchúisí a bheith i gceist agus is gá bearta níos tromchúisí a dhéanamh.



## Sleamhnán 11: Conclúid

Is maith an rud an teicneolaíocht agus gléasanna a úsáid chun súgradh leo, chun cumarsáid a dhéanamh agus chun pictiúir a roinnt le daoine eile. Má úsáidimid an teicneolaíocht chun daoine eile a ghortú nó a chur trína chéile áfach, is cibearbhulaíocht é sin. Is féidir linn go léir cabhrú leis an gcibearbhulaíocht a stopadh. Is é an rud is tábhachtaí is féidir linn a dhéanamh ná an chibearbhulaíocht a thuairisciú do dhuine fásta a chabhróidh leat. Dáil Bileog Oibre 2 - Gníomhaíocht le tabhairt abhaile ar na daltaí.


## Sleamhnán 12: Cruthaigh póstaer: Cibearbhulaíocht – Cad is féidir liom a dhéanamh?

Ag obair i ngrúpaí (3 nó 4 dalta) déanann siad póstaer ranga ag úsáid teimpléid agus d'fhéadfaí lógó na scoile agus lógó an Gharda Síochána a bheith air. Scríobhann gach grúpa rud amháin a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht. Is féidir iad sin a bhailiú agus póstaer mór ranga a dhéanamh e.g. Ná roinn tráchtanna nó pictiúir ghránna; Inis do dhuine fásta ar féidir leis cabhrú leat; bí i do chara leis an duine atá á ghortú etc.

(Féach sampla in Aguisín 3)

## Sleamhnán 13

Cuir Comhaontú Ranga um Shábháilteacht ar Líne i láthair an ranga (Aguisín 2)



# Bí Cineálta Ar Líne: Bileoga Oibre





# Bileog Oibre 1: Seiceáil do thuiscint

## Meaitseáil na focail leis an gciall cheart

| Focail | Ciall |
| --- | --- |
| Féachadóir | Duine a dhéanamh míchompordach nó míshocair |
| D'aon turas | Pictiúr a ghlacadh den rud a fheiceann tú ar an scáileán |
| Náiriú | Duine a ghortú, a bheith gránna le duine nó gan a bheith deas le duine |
| Duine a ndírítear air | A rá go ndéanfaidh tú dochar do dhuine nó é a ghortú |
| Gabháil scáileáin | Duine a fhágáil amach nó gan iad a chur san áireamh |
| Gránna | A rá le duine go bhfuil tú chun faisnéis faoi a scaipeadh mura dtugtar duit rud atá uait |
| Duine a fhágáil ar lár | Duine a fheiceann rud éigin ar siúl ach nach nglacann páirt ann |
| Bagairt | Duine a phiocadh amach d'aon turas chun magadh faoi nó chun é a ghortú |
| Dúmhál | Rud a rá nó a dhéanamh d'aon ghnó |

# Bileog Oibre 2:

# Gníomhaíocht le Tabhairt Abhaile

## Cuardach focal Bí Cineálta Ar Líne

Inniu ar scoil labhraíomar faoin gcibearbhulaíocht agus conas a d'fhéadfadh sé duine a chur trí chéile agus a ghortú. D'fhoghlaimíomar gur cheart dúinn na rialacha seo a leanas a leanúint má dhéantar cibearbhulaíocht orainn:

- Ná freagair teachtaireachtaí a chuireann isteach ort nó a chuireann olc ort.
- Coimeád an Teachtaireacht: Ní gá duit í a léamh, ach coimeád mar sin féin í chun í a thaispeáint don duine lena ndéanann tú an tuairisciú.
- Cuir bac ar an Seoltóir: Ní gá duit cur suas le duine a chuireann isteach ort.
- Inis an scéal do dhuine fásta a bhfuil muinín agat as atá in ann cabhrú leat

D'fhoghlaimíomar freisin má tá a fhios againn go bhfuil cibearbhulaíocht á déanamh ar dhuine eile gur cheart dúinn na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tabhair le fios don duine sin go dtacaímid leis.
- Ná bí páirteach agus ná roinn aon tráchtanna, postálacha ná pictiúir a d'fhéadfadh daoine eile a ghortú.
- Tuairiscigh an bhulaíocht do dhuine atá in ann cabhrú -
tuismitheoir nó múinteoir.
- Tuairiscigh an chibearbhulaíocht chuig an ardán.

Ba cheart tuairisc a thabhairt don Gharda Síochána i gcásanna tromchúiseacha bulaíochta agus cibearbhulaíochta.

**Is féidir le tuismitheoirí faisnéis agus comhairle maidir leis an tsábháilteacht ar líne a fháil saor in aisce ar webwise.ie/ga/tuismitheoiri**



# Bain úsáid as an gcuardach focal seo chun eochairfhocail a úsáideadh sa chaint Bí Cineálta Ar Líne leis na Gardaí a aimsiú



| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| B | T | O | H | P | T | Q | K | U | C | C | F | E | D | R | I | M | B | O | M |
| S | M | U | B | Ó | U | M | A | F | É | A | C | H | A | D | Ó | I | R | A | L |
| Ú | T | F | D | A | O | N | T | U | R | A | S | M | Ó | Q | C | L | N | U | S |
| M | M | O | A | Í | C | N | I | M | H | N | E | A | C | H | K | N | T | I | R |
| O | E | G | P | F | S | D | A | R | Í | Ó | B | E | A | D | Á | É | N | A | H |
| H | P | A | B | R | Ó | N | A | C | H | S | C | A | N | R | A | I | G | H | Á |
| Ú | S | G | T | M | G | Ú | P | S | O | G | S | B | G | G | N | O | F | O | U |
| B | N | T | K | A | Q | F | L | U | J | K | B | L | Ú | R | Ó | E | Ó | N | A |
| G | T | D | É | S | É | T | U | A | I | R | I | S | C | I | G | H | A | I | M |
| G | J | M | G | C | I | B | E | A | R | B | H | U | L | A | Í | O | C | H | T |
| R | U | N | H | N | Á | I | R | I | T | H | E | D | A | B | U | Q | Q | K | R |
| B | Q | G | A | B | H | Á | I | L | S | C | Á | I | L | E | Á | I | N | F | É |
| L | K | E | N | J | B | B | A | D | P | U | I | B | G | I | A | S | P | U | O |
| G | O | F | Á | G | Á | I | L | A | R | L | Á | R | F | P | Ú | É | Ó | B | E |
| D | H | D | A | U | B | I | T | E | I | B | C | B | O | L | P | O | R | N | G |
| U | A | I | G | N | E | A | C | H | K | L | C | S | U | É | Á | E | Í | N | G |
| N | I | K | U | F | A | S | C | A | N | R | A | D | H | F | P | L | I | O | M |
| A | U | G | N | I | E | N | N | U | I | U | O | É | T | T | R | P | T | B | G |
| A | O | S | G | A | T | D | E | M | E | U | G | R | R | A | Ó | Í | T | E | G |
| T | P | U | U | A | U | E | É | L | D | R | R | P | I | M | M | A | M | M | E |

**Scanradh**
**Bac**
**Féachadóir**
**Meata**
**Cibearbhulaíocht**
**D'aon turas**
**Náirithe**
**Fágáil ar lár**
**Scanraigh**
**Nimhneach**
**Uaigneach**
**Gránna**
**Ar líne**
**Tuairiscigh**
**Brónach**
**Gabháil scáileáin**
**Stop**
**Inis**



**Ainm an Dalta:**

________________________________________

**Ainm an Tuismitheora:**

________________________________________

# AGUISÍN 1



## An Roinn Oideachais agus Scileanna - Ciorclán Uimh. 0042/2018

**Treoir maidir le háisitheoirí seachtracha a úsáid**
Má fhostaítear áisitheoirí seachtracha moltar do scoileanna cuimhneamh ar na critéir dhea-chleachtais seo a leanas:

Déanann áisitheoirí seachtracha comhpháirt shainaitheanta de Phróiseas na scoile um Chur chun cinn Folláine a fhorlíonadh, a chomhlánú agus tacaíonn siad léi.

**Oibríonn áisitheoirí seachtracha faoi threoir agus faoi mhaoirseacht an mhúinteoir ranga lena mbaineann i gcónaí. Fanfaidh sé/sí sa seomra ranga leis na scoláirí gach uile thráth agus bíonn ról lárnach aige/aici i ndáil le seachadadh an ábhair. Mura bhfuil an múinteoir i láthair d'fhéadfadh go mbainfí de shláine an churaclaim agus inchreidteacht gairmiúlacht an mhúinteora. Lena chois sin d'fhéadfadh sé cur isteach ar shábháilteacht na scoláirí.**


Téitear i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí agus cuirtear ar an eolas iad roimh ré faoi ábhar na gclár a chuireann áisitheoirí seachtracha ar fáil.

Faomhann príomhoide agus an bord bainistíochta áisitheoirí seachtracha i gcomhairle leis an bhfoireann teagaisc lena mbaineann. Ní mór comhaontú roimh ré a fháil ón bpríomhoide agus ón mbord i dtaobh na hábhair ar fad a bheartaíonn an t-áisitheoir seachtrach a úsáid.

Comhlíonann gach áisitheoir seachtrach polasaí na scoile um chosaint leanaí agus polasaithe agus nósanna imeachta ábhartha eile de chuid na scoile.

Deimhníonn údarás na scoile dó féin, le haird ar chomhairle dhlí a fhaigheann sé dó féin más gá, go bhfuil gach oibleagáid maidir le grinnfhiosrúchán faoin Acht Grinnfhiosrúcháin agus de réir Chiorclán 0031/2016 comhlíonta aige i dtaobh na n-áisitheoirí seachtracha sin.

- Seachadann áisitheoirí atá cáilithe chun obair laistigh den tsainréimse ábhair agus le scoláirí dá bhfuil na cláir ceaptha na cláir a úsáidtear.
- Bíonn an fhoireann scoile lena mbaineann i dteagmháil le háisitheoirí sula seachadfar an clár.
- Cuirtear baill den fhoireann scoile lena mbaineann ar an eolas faoi shonraí an chláir atá á chur ar fáil ag áisitheoirí seachtracha.
- Déanann scoláirí agus múinteoirí measúnú ar áisitheoirí seachtracha agus ar chláir i ndáil le hábhar, teachtaireachtaí a cuirtear in iúl, modheolaíocht agus toradh foghlama beartaithe.



Bí Cineálta Ar Líne: Clár Bunscoile an Gharda Síochána

# Comhaontú Ranga Bí Cineálta Ar Líne

**Ár gcomhaontú ranga**

Labhraíomar faoin gcibearbhulaíocht ar scoil agus d'fhoghlaimíomar conas a d'fhéadfadh sí duine a ghortú agus a chur trí chéile. Táimid tar éis teacht ar chomhaontú maidir leis na rudaí seo a leanas:

Má dhéantar cibearbhulaíocht orainn, déanfaimid na rudaí seo a leanas:

- Ní dhéanfaimid na teachtaireachtaí a chuireann isteach orainn nó a chuireann olc orainn a fhreagairt.
- Coimeádfaimid an teachtaireacht chun í a thaispeáint don duine lena ndéanaimid an tuairisciú.
- Cuirfimid bac ar an seoltóir.
- Inseoimid an scéal do dhuine fásta a bhfuil muinín againn as atá in ann cabhrú linn.

Má cheapaimid go bhfuil cibearbhulaíocht á déanamh ar dhuine eile táimid chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh:


- Tabharfaimid le fios don duine sin go dtacaímid leis.
- Ní bheimid páirteach agus ní roinnfimid aon tráchtanna, postálacha ná pictiúir a d'fhéadfadh daoine eile a ghortú.
- Tuairisceoimid an bhulaíocht do dhuine atá in ann cabhrú – tuismitheoir nó múinteoir.
- Tuairisceoimid an chibearbhulaíocht chuig an 'ardán'.

Má tá baint againn leis an mbulaíocht nó lena spreagadh ar líne táimid chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Gabhfaimid leithscéal leis an duine ar ghortaíomar é.
- Smaoineoimid sula bpostálfaimid ar líne - conas a bhraithfidh daoine eile faoi seo?
- Tá sé ceart go leor mura mothaímid ceart go leor. Ach níor cheart a bheith ag piocadh ar dhuine eile toisc go bhfuilimid trína chéile nó feargach, ní hé sin an bealach ceart chun déileáil leis na mothúcháin sin.
- Gheobhaimid cabhair ó thuismitheoir/comhairleoir scoile/duine fásta a bhfuil muinín againn as agus labhróimid faoin gcaoi ar féidir linn déileáil níos fearr leis an gcaoi a bhfuilimid ag mothú.

Ainm an Ranga: ______________________________

Sínithe: (Garda): ______________________________




## Conas a bheidh tú cineálta ar líne?

## Ainm:

# Nótaí

# Nótaí



Á chómhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Aontas Eorpach,
tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF).

webwise.ie

PDST
Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Co-financed by the European Union
Connecting Europe Facility